

Ceacht Fabraice agus Snáithín le Naíonáin

‘Na Trí Muicíní’

Gemma Mc Girr

<u>Snáth Curaclaim:</u>	Fabraic agus Snáithín (Curaclam Amharcealaíona Ich. 23)
<u>Cuspóir:</u>	<i>Fiosrú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí fabraice agus snáithín mar mheán don chur in iúl samhlaíoch (Ich. 23)</i> <i>Colláisi simplí a dhéanamh (Ich. 23)</i>
<u>Nasc:</u>	Prionta > Bain triail as éifeachtaí is féidir a bhaint amach le déanamh priontaí simplí (Ich. 20) Péint agus Dath > Faigh amach faoin ngaol atá idir an dóigh a mhothaíonn rudaí agus a bhreathnaíonn siad (Ich. 19) Líníocht > Déan líníochtaí bunaithe ar mhothúcháin a bhfuil cuimhne ghéar agat orthu, eispéiris fhíora nó shamhalta, agus scéalta (Ich. 18) Tógáil > Fiosraigh agus bain triail as airíonna agus tréithe ábhar chun struchtúir a dhéanamh (Ich. 22); Déan struchtúir shamhlaíocha (Ich. 22)
<u>Féidearthachtaí Imeachtha:</u>	<i>Teanga Labhartha: Eist le scéalta, rannta agus amhráin éagsúla agus déan athinsint orthu (Ich. 21)</i> <i>Matamaitic: Forbair tuiscint faoi choincheap an ama trí úsáid a bhaint as an bhfoclóir chuí (Ich. 33); Cuir imeachtaí nó céimeanna laethúla i seicheamh mar scéal (Ich. 33)</i> <i>Eolaíocht: Breathnaigh agus fiosraigh réimse ábhar coitianta sa timpeallacht láithreach (Ich. 27)</i> <i>Bí eolach faoi úsáidí coitianta gnáthábhara (Ich. 27)</i> <i>Tíreolaíocht: Cuir aithne ar chineálacha éagsúla tithe sa chomharsanacht (Ich. 24); Faigh tuiscint faoin ngá atá ag teaghlach le foscadh (Ich. 24)</i>

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

- Ag Tosú:** Léigh scéal Na Trí Muicíní do na leanaí agus bíodh tuí, cipíní agus brící dearga agat le taispeáint agus le tabhairt do na leanaí le láimhseáil.
- Ábhair Riachtanacha:** Blúirí fabraice agus olanna d’uigeachtaí agus de dhathanna éagsúla
Páipéar daite d’uigeachtaí éagsúla (páipéar siúcra, páipéar síoda, créip srl)
Cárta (mar chúlra)
Criáin agus/nó péint agus scuabanna
Gliú nó PVA
Soithigh éadoimhne don ghliú, m.sh. caipíní de phaiceíd Pringles
- Spreagadh:** Na Trí Muicíní - “Déan cur síos ar an teach a rinne an Chéad Mhuicín. An bhfuil do theachsa déanta mar seo? Meas tú an teach láidir a bhí ann? Cén dath a cheapann tú a bhí air? Cad a tharla dó? Cad faoin dara Muicín, conas ar thóg sé a theach? Cén dath a cheapann tú a bhí air? Cad a rinne an Mac Tíre Gránna lena theach? Inis dúinn faoin Triú Muicín, cad a roghnaigh sé chun a theach a thógáil? Cad a tharla dá theach siúd? Cad as a bhfuil do theachsa déanta? An bhféadfadh an Mac Tíre Gránna do theachsa a leagadh? Féach ar na fabraicí agus na holanna atá anseo againn, an gcuireann aon cheann díobh tuí/cipíní/brící i gcuimhne duit? Mothaigh na fabraicí agus na holanna agus déan cur síos ar an gcaoi a mhothaíonn siad.”
- Gníomhaíocht:** Píocann na leanaí ceann de na tithe dá gcolláisi agus roghnaíonn siad blúirí fabraice agus olanna chun é a dhéanamh. Spreag iad chun na fabraicí/olanna a mhothú agus cur síos a dhéanamh ar na huigeachtaí le fáil amach an mbeadh siad oiriúnach don teach a roghnaigh siad. B’fhéidir go mbeadh orthu na fabraicí a fháisceadh chun na cruthanna atá uathu a fháil, nó d’fhéadfá cabhrú leo na cruthanna a ghearradh. B’fhéidir gur

mhaith leo cuid den pháipear daite a úsáid freisin. Úsáid an cárta mar chúlra don phictiúr. B'fhéidir gur mhaith leis na leanaí gnéithe breise a líniú nó a phéinteáil nuair atá na fabraicí greamaithe síos acu. Cuir a saothar ar taispeáint sa seomra ranga nó in áit oiriúnach eile sa scoil.

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun labhairt faoina bhfuil ar siúl acu, conas a mhothaíonn agus a bhreathnaíonn na fabraicí. Fiafraigh díobh cén fáth gur phioc siad a dteach agus conas a mhothaigh sé é a dhéanamh. Tabhair am dóibh chun caint lena chéile faoina gcuid pictiúr.

Gníomhaíochtaí breise:

Féadfaidh na leanaí líníochataí, péintéireachtaí, priontaí nó tógálacha de na tithe a dhéanamh.

Féidearthachtaí TCF:

B'fhéidir gur mhaith leis na leanaí a dtithe a scanáil isteach agus a n-ainm a scríobh orthu.

An DVD Is Ealaíontóir Mé a Úsáid

Tugann na cláir *Fabraic agus Snáithín* deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag úsáid fabraicí agus snáithíní chun pictiúir a dhéanamh.

Nóta:

Le do thoil, *ná tarraing* imlíne tí do na leanaí le líonadh isteach le píosaí fabraice. Lig dóibh a gcruthanna tí féin a dhéanamh, a gcuid fabraicí agus olanna féin a roghnú agus aon ghné bhreise is mian leo a líonadh isteach iad féin. Féadfaidh tú moltaí cuí a dhéanamh má théann said amú ach ná géill don chathú é a dhéanamh dóibh tú féin. Foghlaiméoidh siad níos mó má ligtear dóibh a roghanna féin a dhéanamh.

Ealaíontóirí Ábhartha:

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Féach saothar péinte agus fabraicí an ealaíontóra Liz Kane
http://www.lizkane.net/html/gallery_0203.html

Is tairseach é Scoilnet chuig a lán suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga
<http://www.scoilnet.ie>